# Scéalta na Nollag!

Tugann bhur gcairde ag Fighting Words agus Graffiti Theatre Company cuireadh daoibh scéal nua a chruthú chun ceiliúradh a dhéanamh ar an Nollaig! Is féidir libh críoch a chur le ceann de na scéalta atá tosaithe ag scríbhneoirí iontacha s'againne ar www.fightingwords.ie agus ar www.graffiti.ie Nó is féidir leat do scéal féin a scríobh as an nua!

**Seo cúpla smaoineamh maith:**

- Cé hiad na carachtair i do scéal? An bhfuil rud éigin speisialta gur mhaith leo a bhaint amach? An bhfuil eagla orthu roimh rud ar bith? An daoine iad do charachtair, nó ainmhithe nó an rudaí iad, ar nós crann Nollag nó maróg Nollag?
- Cá bhfuil do scéal suite? In Éirinn? Ar Shatarn? Ar ghrinneall na farraige? I ndomhan iontach éigin eile?
- An mbíonn do charachtair ag caint lena chéile? Céard a bhíonn siad ag rá?




**Do scéal féin ar do bhealach féin!**

Úsáid na teimpléid chun an scéal atá ar intinn AGATSA a insint. Is iomaí bealach atá ann le scéal a insint! Ní gá go dtosódh sé le, "Fadó, fadó..." (cé gur iomaí scéal maith a thosaíonn ar an gcaoi sin freisin!) D'fhéadfadh sé gur iontráil dialainne a bheadh ann, nó litir chuig duine éigin nó rud éigin speisialta.

Ní gá gur gnáthscéal a bheadh ann- b'fhéidir gur mhaith leat amhrán nó dán a scríobh, nó léaráid nó greannán a tharraingt. Tá teimpléid curtha ar fáil againn dóibh siúd ar fad freisin!

Tá daoine ag cruthú scéalta nua leis na mílte bliain chun ceiliúradh a dhéanamh ar ócáidí speisialta. Ansin, insítear na scéalta sin arís agus arís eile mar pháirt de nósanna tradisiúnta.

**Nollaig 2020**
Bliain eisceachtúil…

Bhí an bhliain seo neamhghnách ar go leor bealaí. B'fhéidir gur mhaith leat píosa a scríobh faoin gcaoi go raibh an saol duitse, do do mhuintir, do pheataí, do scoil agus do do chairde.

Úsáid teimpléid s'againne leis an méid is mó scéalta, amhráin, dánta, greannáin agus léaráidí agus is maith libh a chruthú.

Roinn do scéal le do mhuintir agus le do chairde! Iarr ar do thuismitheoir nó ar do chaomhnóir é a choinneáil sábháilte agus é a roinnt arís an chéad bhliain eile agus sna blianta atá le teacht.

FIGHTING WORDS

GRAFFITI